

Aighneacht do Chomhchoiste na Gaeilge & Gaeltachta

Achoimre

Tá scríbhneoirí agus foilsitheoirí cumasacha againn, tá feabhas ar chaighdeán deartha agus cló na leabhar Gaeilge le blianta anuas; tá margadh fiúntach ann i measc léitheoirí óga agus fásta ach d'fhéadfaí cur leis go suntasach; agus bíonn ócáidí bríomhara liteartha ar siúl i nGaeilge ach arís tá b'fhiú cur leo ar fud na tíre.

Na dúshlán agus na moltaí is mó a labhróidh mise fúthu ná maidir le hioncam agus stádas scríbhneoirí; taca margaíochta; córas dáileacháin a oireann don lá inniu seachas don saol 20 nó 30 bliain ó shin; agus méadú mór ar an maoiniú iomlán don earnáil. Beidh mé ag labhairt thar mo cheann féin mar scríbhneoir agus freisin mar rúnaí ar choiste stiúrtha Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge le dhá bhliain anuas.

Anna Heussaff – mar eolas cúlrach

Foilseofar an t-ochtú úrscéal liom i mbliana: ina measc tá úrscéalta bleachtairachta do léitheoirí fásta, líofa; úrscéalta mistéire agus sóisialta do dhéagóirí óga agus úrscéal grá d'fhoghlaimoirí fásta. Tá mé gníomhach i saol na leabhar le fada; agus sular thosaigh mé ar an scríobh 20 bliain ó shin, bhí mé fostaithe ag RTÉ i mo thaighdeoir agus i mo léiritheoir/stiúrthóir ar chláracha raidió agus teilifíse.

Aontas na Scríbhneoirí agus Eolaire na Scríbhneoirí

Bunaíodh Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge sa bhliain 2015 ar mhaithe le glór, ardán agus tacaíocht a chur ar fáil do scríbhneoirí na Gaeilge, caidreamh a chothú inár measc agus idirbheartaíocht a dhéanamh le heagraíochtaí eile a imríonn tionchar ar shaol scríbhneoirí. Tá 142 ball cláraithe againn i mbliana, iad ar fud na hÉireann agus thar lear agus a líon ag méadú go seasta. Cuirimid fógraí chuig na baill uair sa mhí faoi dheiseanna, comórtais agus ócáidí; réitimid aighneachtaí do chomhairliúcháin phoiblí; táimid ag iarraidh comhairle aonair agus treoir ghinearálta a chur ar fáil do scríbhneoirí faoin sórt conartha dlithiúil is gá idir scríbhneoir agus foilsitheoir; rinneamar athbhunú ar chomórtas filíochta Chorn Uí Néill i mbliana; bíonn ollchruinnithe agus ócáidí eile ar siúl againn, msh le linn Fhéile an Oireachtais. Tá tuilleadh eolais faoi obair an Aontais agus baill an choiste ag www.aontasna scríbhneoiri.ie; @Gaelscriobh; [Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge | Facebook](#)

Go luath i 2019 a seoladh Eolaire na Scríbhneoirí ar shuíomh gréasáin an Aontais. Is bunachar é a thugann eolas ar bhreis is 500 scríbhneoir Gaeilge atá beo inniu ar foilsíodh ar a laghad leabhar amháin leo nó ar léiríodh dráma nó script leo go poiblí. Tá figiúir agus léargais san Eolaire ar chúlraí tíreolaíoch na scríbhneoirí, na seánraí leabhar ina scríobhtar,

coibhneas na mban is na bhfear i ngach seánra agus a lán eile. Is mar acmhainn do leabharlanna, d'fhéilte liteartha agus do scoláirí a tiomsaíodh an tEolaire; ach toisc gan maoiniú leanúnach againn, níl uasdátú ná poiblíú déanta air le trí bliana anuas. [Eolaire na Scríbhneoirí | Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge](#)

Fuaireamar dea-scéal an tseachtain seo go mbronnfaidh Foras na Gaeilge maoiniú orainn chun bainisteoir a fhostú go páirtaimseartha ar feadh roinnt míonna. Is mór an taca é sin ach beidh gá againn le maoiniú fadtréimhseach chun feidhmiú go héifeachtach sa todhchaí.

Ioncam scríbhneoirí

Tá formhór na scríbhneoirí Gaeilge ag brath ar ioncam ó fhoinsí eile: post eile nó pinsean nó taca airgeadais óna muintir féin. I mo thaithíse, glacann sé ar a laghad bliain oibre lánaimseartha chun úrscéal 250 leathanach a phleanáil agus a scríobh agus thart ar cheithre mhí oibre i gcás úrscéil do dhéagóirí óga; agus caithim suas le mí lánaimseartha ar an obair phoiblíochta. Cé go bhfuil ag éirí go maith liomsa mar scríbhneoir, de réir mo chuid taifead thuill mé €5,000 sa bhliain ar an meán ón scríobh le 18 bliain anuas, ar obair a ghlac idir ceathrú agus leath mo chuid ama. Cé mhéad duine a bheadh sásta leathbhliain oibre a dhéanamh ar €5,000? Is gairm é an scríobh má thugtar faoi go críochnúil, agus tá soláthar ioncaim an-tábhachtach do chuid againn.

Tháinig an t-ioncam beag sin agam ó choimisiúin ó Chlár na Leabhar/Foras na Gaeilge, ó tháille an scríbhneora a fuair an foilsitheoir ó Chlár na Leabhar, agus ó dhleachta díolacháin. Arís, creidim go bhfuil díolachán níos airde ná an meán ar mo chuid leabhar ach fós táimid ag caint ar idir €500 agus €1,000 sa bhliain de ghnáth. Fiú i measc scríbhneoirí Béarla sa Bhreatain – teanga móraimh i dtír an-mhór – taispeánann suirbhéanna gurb é an meán-ioncam bliantúil ag scríbhneoirí gairmiúla ná £10,500 agus gan ach 28% díobh ag maireachtáil ar an scríobh amháin. Cén t-iontas, mar sin, gur gá taca leanúnach maoinithe chun go scríobhfar agus go léifear leabhair ar ardchaighdeán i nGaeilge?

Molaim, más ea, méadú ar líon agus ar íocaíochtaí Scéim na gCoimisiún agus é ann gach bliain; coimisiúin ilbhliana a bheith ann ionas go gcuirfeadh scríbhneoir sraith trí leabhar ar fáil agus na lárcharachtair chéanna sna scéalta, rud a mbíonn éileamh air ag léitheoirí fásta agus óga araon; leanúint agus cur le sparánachtaí na Comhairle Ealaíon; taca láidir polaitiúil don Scéim Phíolótach Bunioncaim d'Ealaíontóirí; agus mar a dúradh leis an gComhchoiste an tseachtain seo caite, cur le líon na gcónaitheachtaí, an Scéim Meantóireachta a leathnú agus méadú go mór ar an maoiniú do na foilsitheoirí, mar a luafaidh mé arís ar ball.

Réimse seánraí leabhar

Na seánraí is láidre sa Ghaeilge, ní ó thaobh díolacháin ach ó thaobh líon na leabhar a fhoilsítear ná an fhilíocht, an ghearrscéalaíocht, an stair áitiúil, an chritic liteartha agus pictiúrleabhair do pháistí. Tá an soláthar do pháistí níos sine, do dhéagóirí agus don 'aosach óg' ag feabhsú ach fós sách gann. Tá an soláthar úrscéalta do léitheoirí fásta tearc freisin, go

háirithe sna réimsí ina bhfuil móréileamh i dteangacha eile, msh, úrscéalta grá, teaghlaigh agus sóisialta, agus úrscéalta bleachtaireachta agus fantaisíochta. Tá leabhair neamhficsin an-mhaithe agann, msh cuimhní cinn agus cuntais taistil, ach tá laigí sa réimse freisin, mar cuimhní cinn ó laochra spóirt agus leabhair faoi bhia agus stíl mhaireachtála. Tá an drámaíocht lag toisc easpa deiseanna ó amharclanna agus ó na meáin chraolta. Creidim féin go bhfuil tionchar ag cúrsaí maoinithe agus ioncaim ar a lán de na laigí seo, msh maidir le bheith in ann scríobh go leanúnach seachas cúpla tráthnóna sa tseachtain; agus maidir leis an sórt poiblíochta agus feiceálachta a fhaigheann an leabhar is fearr i nGaeilge.

Margaíocht agus dáileachán: Sampla na Breataine Bige

Mar atá ráite cheana leis an gComhchoiste, tá laigí móra ann maidir le heagarthóireacht, margaíocht agus dáileachán na leabhar Gaeilge, agus tá sé áiféiseach dar liom nach bhfuil fiú suíomh gréasáin ag ÁIS le glacadh le horduithe leabhar ná teagmhálacha rialta acu le baill foirne na siopaí leabhar agus na leabharlann. Is ó fhoilsitheoirí móra idirnáisiúnta a thagann 70% de na leabhair Bhéarla in Éirinn; tá foilsitheoirí Béarla na hÉireann san iomaíocht leo; agus dá réir sin ní féidir leis an earnáil Ghaeilge a bheith ag brath ar dhea-mhéin ná ar dhualgas éigin mórálta nó cultúrtha a chur ar na siopaí.

Sa Bhreatain Bheag tá Comhairle na Leabhar ann le 60 bliain anuas ag freastal ar fhoilsitheoirí Breatnaise agus Béarla na tíre araon. Cuireann siad seirbhísí deartha agus eagarthóireachta ar fáil do na foilsitheoirí neamhspleácha, múnla ab fhiú a phlé in Éirinn. Tá suíomh gréasáin acu, ar ndóigh: [Books Council of Wales \(llyfrau.cymru\)](http://Books Council of Wales (llyfrau.cymru)) agus tá cur síos ar an suíomh ar a gcuid seirbhísí dáileacháin: Services for Bookshops | Cyngor Llyfrau Cymru Services for Bookshops. Nuair a ordaítear leabhar tríd an suíomh, bíonn sé sa siopa an lá dar gcionn.

Tá foireann díolacháin acu a thugann cuairteanna rialta ar shiopaí leabhar, ar scoileanna & leabharlanna, a ghlacann le horduithe, agus a phléann cad iad na teidil nua a mbeidh éileamh ag spriocghrúpaí léitheoireachta orthu. De réir an eolais a fuair mé uathu, bhíodh seisear ar an bhfoireann díolacháin sin go dtí 2019 agus iad ag plé le leabhair Bhéarla agus Breatnaise; chuir Covid bac mór ar an obair agus tá triúr ar an bhfoireann faoi láthair. Is fiú a mheabhú go bhfuil réimse tíre na Breataine Bige níos lú ná Cúige Mumhan; tá i bhfad níos mó cainteoirí laethúla Breatnaise ann ná mar atá cainteoirí laethúla Gaeilge; ach is mó an líon daoine in Éirinn a bhfuil eolas áirithe acu ar an nGaeilge.

Molaim go láidir foghlaim ó shampla na Breataine Bige: suíomh gréasáin ag ÁIS, foireann á chothú agus á uasdátú, agus triúr ball foirne a bheith i mbun cuairteanna agus teagmhála rialta leis na siopaí, leabharlanna agus scoileanna, agus traenáil do na siopaí mar a moladh cheana. Cén t-iontas go mbíonn leabhair Ghaeilge ar chúlseilfeanna nó gan fáil orthu nuair nach bhfuil bolscaireacht ar siúl ar a son go leanúnach, snasta, proifisiúnta mar is gá?

Maidir le margaíocht, molaim freisin go mbeadh sé mar choinníoll ag Clár na Leabhar Gaeilge sna deontais a thugann siad do na foilsitheoirí go mbeadh plean margaíochta feiliúnach leagtha amach do gach leabhar a fhaigheann cúnamh maoinithe, rud a chuirfidh le líon na léirmheasanna agus na n-agallamh poiblíochta i mo thaithí féin.

An buiséad a dúradh liom atá ag Comhairle na Leabhar do leabhair Bhreatnaise i mbliana ná £1.671, ionann is beagnach €2 mhilliún nó gar do dhá oiread an bhuiséid atá ag Clár na Leabhar, de réir na bhfigiúr a tugadh le déanaí ar Tuairisc.ie, sé sin maoiniú €1,061,165 sa bhliain. Thit an maoiniú in Éirinn ó €1,820,000 sa bhliain 2008 agus aontaím go láidir gur gá é a bheith ag €2.5 milliún sa bhliain le filleadh ar an leibhéal sin anois.

Imram agus imeachtaí litríochta eile

Is féile litríochta Gaeilge é Imram a bunaíodh sa bhliain 2004; bíonn féile bhliantúil an-bhríomhar i mBaile Átha Cliath agus comhoibriú le féilte eile chun ócáidí Gaeilge a chur ar siúl. Tá an cultúr liteartha Gaeilge beo ar stáitse ag treisiú, msh, oícheanta filíochta a chuireann an file Ciara Ní É ar siúl faoin teideal REIC, agus tá físeáin ar líne aicise agus ag filí eile, rud a chuireann i gcuimhne dúinn nach litríocht scríofa ar fad atá i gceist.

Leitheoiri.ie

Mar chríoch tá sé tábhachtach a lua go bhfuil tionscadal píolótach dar teideal Leitheoiri.ie á fhorbairt le taca ó Fhoras na Gaeilge agus é mar sprioc aige eolas a chur ar fáil faoi leabhair nuafhoilsithe Gaeilge agus gach sórt ábhar léitheoireachta ilmheán; clubanna leabhar; leabharlanna; siopaí leabhar; imeachtaí; suíomhanna gréasáin; ríomhleabhair; podchraoltaí; físeáin; agus neart eile. Mura raibh deis ag ionadaí de chuid an tionscadail sin labhairt leis an gComhchoiste fós, molaim go láidir go ndéanfadh sibh socrú chuige sin. [Léitheoirí na Gaeilge | COMHAR \(leitheoiri.ie\)](#)